LÍONRA TAISTIL GNÍOMHACH
BHAILE ÁTHA CLIATH

Sráid Holles go Bóthar Lansdún

Scéim Eatramhach Siúil agus Rothaíochta

(Céim 1 de Scéim Coláiste na Tríonóide go Droichead na Dothra)

BILEOG EOLAIS



CAD ATÁ SA BHILEOG SEO?

1. Léargas ar an Tionscadal
2. An gá ata leis an Scéim
3. Buntáistí na Scéime
4. Príomhghnéithe
5. Conas Teagmháil a dhéanamh linn

1 LÉARGAS AR AN TIONSCADAL

Soláthróidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Líonra Taistil Ghníomhaigh trí shraith de thionscadail bonneagair le linn na n-ocht mbliana atá amach romhainn. Fásfaidh an Líonra ón 10km atá ann cheana ina líonra nasctha 310km ar fud na cathrach. Cuirfidh sé seo Líonra Taistil Ghníomhaigh ar fáil a bheidh níos sábháilte, níos ionchuimsithí agus níos ceangailte. Tógfaidh sé roinnt ama na tionscadail seo a phleanáil agus a dhearadh. San idirlinn, tá sé beartaithe scéimeanna eatramhacha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar na bealaí seo, aon áit a mbeadh a leithéid indéanta. Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag moladh go gcuirfí saoráidí feabhsaithe siúil agus rothaíochta ar fáil ar Shráid an Mhóta Íochtarach agus ar Bhóthar Northumberland ón acomhal le Sráid Holles a fhad leis an acomhal le Bóthar Lansdún. Is éard is aidhm leis an scéim ná cúrsaí sábháilteachta agus inrochtaineachta don siúl agus rothaíocht a fheabhsú ar an mbealach seo. Feabhsóidh sé ceangail ó cheantar Dhroichead na Dothra a fhad le Cearnóg Mhuirfean fad agus atá scéim bhuan don bhealach seo á forbairt.

2 CÉN GÁ ATÁ LEIS AN SCÉIM?

- Tá gá le bealach sábháilte leanúnach ó Dhroichead na Dothra go dtí Cearnóg Mhuirfean agus do limistéar dheisceart na cathrach
- Rochtain fheabhsaithe do dhaoine a bheidh ag taisteal ar obair, chun an choláiste agus chun críche fóillíochta
- Saoráidí siúil agus rothaíochta a fheabhsú do na pobail áitiúla

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

3 CAD IAD NA BUNTÁISTÍ A BHAINEANN LEIS AN SCÉIM?

- Saoráidí ardchaighdeáin cosanta rothaíochta a chur ar fáil chun freastal ar gach aoisghrúpa agus leibhéal cumais agus chun riar ar éileamh san am i láthair agus amach anseo
- Stíl mhaireachtála níos gníomhaí a éascú le haghaidh gach aoisghrúpa, rud a dtiocfaidh buntáistí iolracha leis ó thaobh folláine fhisiciúil agus mheabhrach de
- Cur le laghdú ar astaíochtaí iompair i gcomhréir le cuspóirí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide trí athrú córa iompair i dtreo taisteal gníomhach a spreagadh
- Sábháilteacht a fheabhsú do choisithe agus do rothaithe a bheadh ag taisteal chun críche fóillíochta nó oibre
- Ceangail níos sábháilte chuig agus ó ghnólachtaí áitiúla, óstáin, oifigí, saoráidí oideachais, bealaí siúil agus rothaíochta eile agus saoráidí eile
- Ceanglófar é de bhealach Rothaíochta Mhic Liam agus bealach Rothaíochta na Canálach Móire

4 PRÍOMHGHNÉITHE

Sráid an Mhóta Íochtarach - Déanfar an lána rothaíochta treorach atá ann cheana ar an taobh ó dheas a uasghrádú agus beidh cosaint mullard ann. Coinneofar an lána bus atá ann cheana ar an taobh ó thuaidh agus déanfar lána comhroinnte rothaíochta agus bus de. Bainfear ar shiúl dhá spás páirceála idir Rae an Ghróntaigh agus Sráid Grattan. Coinneofar na bánna páirceála atá ann cheana do dhaoine faoi mhíchumas.

Bóthar Northumberland - Tá lána úr rothaíochta cosanta molta taobh leis an gcarrbhealach amach. Coinneofar an lána bus atá ann cheana ar an taobh isteach agus roinnfear le rothaithe é.

5 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil ar an scéim eatramhach ó Shráid Holles go Bóthar Lansdún, tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin thíos. Is féidir aon tuairimí a bheadh agat i leith na scéime eatramhaí a chur isteach tríd an suíomh gréasáin, trí ríomhphost nó chuig an seoladh poist atá leagtha amach thíos:

consultation.dublincity.ie (scan an cód QR le do thoil)

activetraveloffice@dublincity.ie leis an ábhar: Scéim Eatramhach Siúil agus Rothaíochta Shráid Holles go Bóthar Lansdún

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach, Bloc 1, Urlár 6, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F.

Is féidir na líníochtaí ar fad a fheiceáil le linn na tréimhse comhairliúcháin in:

- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bloc 1, Urlár 0, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F
- Leabharlann Shráid an Phiarsaigh, 144 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2, D02 HE37
- Leabharlann Pheambróg, Bóthar Anglesea, Baile Átha Cliath 4